

Ceacht Ealaíne Cré

Cuireadh na hacmhainní seo a leanas le chéile mar fhairsingiú ar fhíseán lá 3 de chuid Sheachtain Food Dudes ag an leibhéal sóisearach. Tá nasc idir na hacmhainní seo agus an curaclam ealaíne do dhaltáí sna naíonáin shóisearacha, shinsearacha agus rang a haon.

Físteachtairacht:

Déantar cur síos san fhíseán seo (leibhéal sóisearach, lá 3) ar na dathanna difriúla a bhíonn ar thorthaí agus ar ghlasraí agus spreagtar daltaí le tuar ceatha a ithe.

Tá nasc idir an ghníomhaíocht seo agus na **hachair churaclaim** seo a leanas:

Ealaíona > Cré > Foirm a fhorbairt le cré

Ealaíona > Cré > Féachaint agus freagairt

Príomhthorthaí foghlama:

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an linbh na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- ✓ Na rudaí is féidir a dhéanamh le cré mar mheán le haghaidh léiriú samhlaíoch a iniúchadh agus a aimsiú
- ✓ Foirm chré a dhéanamh agus í a mhúnlú le do mhéara chun ábhar a léiriú
- ✓ Breathnú ar, lámh a chur ar agus labhairt faoina c(h)uid oibre féin, faoin obair a rinne daltaí eile agus faoi phíosaí simplí potaireachta



Treoiríníte don Mhúinteoir:

Na rudaí a bheidh uait:

- ✓ Cré a thriomaíonn faoin aer
- ✓ Péinteanna aicrileacha nó teampara
- ✓ Scuaba péinteála
- ✓ Ábhair mharc-chruthaithe, amhail uirlisí cré nó rudaí ar baineadh athearraíocht astu nó a aimsíodh
- ✓ Torthaí agus glasraí úra le breathnú orthu, nó pictiúir de thorthaí agus de ghlasraí a chur as taispeánt ar an gclár bán

Modh:

- ✓ Iarr ar dhaltaí smaoineamh ar oiread torthaí agus glasraí agus is féidir leo, agus scríobh liosta ar an gclár bán.
- ✓ Iarr ar dhaltaí toradh nó glasra amháin a roghnú agus é a dhéanamh leis an gcré. Má tá dóthain cré agat, is féidir le daltaí toradh agus glasra amháin a dhéanamh.
- ✓ Iarr ar dhaltaí breathnú ar na torthaí agus/nó na glasraí go fisiciúil má tá siad ar fáil, nó ar phictiúir ar an gclár bán idirghníomhach.
- ✓ Iarr ar dhaltaí breathnú ar uigeacht chraiceann an toraidh agus/nó an ghlasra, agus a macasamhail a dhéanamh leis na huirlisí a chuirtear ar fáil nó atá sa seomra ranga, m.sh. d'fhéadfaí bun pinn luaidhe a bioráidh a úsáid chun macasamhail de chraiceann oráiste a dhéanamh.
- ✓ Nuair a chruthaíonn daltaí na torthaí agus/nó glasraí leis an gcré, fág ar feadh 24-72 uair an chloig iad le go dtiomóidh siad.
- ✓ Nuair a thriomaíonn an chré go hiomlán, is féidir í a phéinteáil le péinteanna aicrileacha nó teampara.
- ✓ Is féidir le daltaí na torthaí agus glasraí a chruthaíonn siad a chur le chéile i mbabhla torthaí le cur ar taispeánt sa seomra ranga.
- ✓ De rogha air sin, agus go háirithe le rang a haon, is féidir babhla torthaí a dhéanamh le cré mar thionscadal grúpa agus is féidir na torthaí agus glasraí 3T a chur ar taispeánt ann. Is féidir an babhla torthaí a thriomú agus é a phéinteáil le patrúin dheasa dhathannacha.